



**An Roinn Oideachais
agus Scileanna**
Department of
Education and Skills

Scéim Teanga na Roinne Oideachais agus Scileanna 2020- 2023

Faoi Alt 15 den Acht na dTeangacha
Oifigiúla 2003

Clár Ábhar

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra	4
1. Réamhrá	4
2. Ullmhú agus ábhar na scéime	4
3. Scéimeanna daingnithe roimhe seo.....	5
4. Dáta tosaithe na Scéime	5
Caibidil 2: Forbhreathnú ar an Roinn Oideachais agus Scileanna ...	7
1. Misean agus Cuspóirí.....	7
2. Custaiméirí na Roinne.....	7
3. Eochairsheirbhísí.....	8
Caibidil 3: Achoimre ar na seirbhísí Gaeilge agus na feabhsúcháin atá beartaithe sa tréimhse 2020-2023.....	9
1. Fógraí taifeadta béil.....	9
2. Staiseanóireacht.....	9
3. Comharthaíocht.....	9
4. Cumarsáidí agus Foilseacháin	9
5. Seirbhísí a chuireann an Roinn ar fail.....	10
5.1 Cumarsáid i scríbhinn nó ó bhéal leis an bpobal agus le scoileanna	10
5.2 Seirbhísí Párolla don Fhoireann Teagaisc agus don Fhoireann Neamhtheagaisc	11
5.3 Comhfhreagras, logainmneacha agus oibleagáidí comhlíonta eile	11
6. Na Meáin – Preasráitis	11
6.1 Preasráitis	11
6.2 Na Meáin Shóisialta	11
7. Teicneolaíocht na Faisnéise	12
7.1 Láithreán Gréasáin.....	12
7.2 Teicneolaíocht Faisnéise – Córais T.F.	12
7.3 Cumarsáid leis an bpobal ar an teileafón.....	13
8. Seirbhísí Cigireachta	13
8.1 Cigireacht, Meastóireacht agus Dearbhú Cáilíochta.....	13
8.2 Seirbhísí Cigireachta trí Ghaeilge	14
8.3 Seirbhís Dhátheangach Cigireachta do Scoileanna	14
8.4 Foilseacháin na Cigireachta.....	15
8.5 An Chigireacht agus feabhas eile ar an soláthar seirbhísí Gaeilge	15
9. An tAonad um Oideachas Gaeltachta.....	16
9.1 Seirbhísí an Aonaid um Oideachas Gaeltachta trí Ghaeilge	16
9.2 Foilseacháin an Aonaid um Oideachas Gaeltachta	17
10. An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS).....	17
10.1 Pearsanra NEPS	17

10.2	Foilseacháin NEPS – Treoirínte, Pacáistí Acmhainne do Scoileanna, Múinteoirí agus Tuismitheoirí	17
10.3	Soláthar na Seirbhíse NEPS ag an leibhéal idir-rannach agus idirghníomhaireachta	18

Caibidil 4: Feabhas a Chur ar Chumas Gaeilge na Roinne19

1.	Earcaíocht	19
2.	Oiliúint agus Forbairt	19
3.	Inniúlacht i nGaeilge	19
4.	Seirbhís Aistriúcháin Ghaeilge.....	20

Caibidil 5: Faireachán agus Athbhreithniú21

Caibidil 6: Poibliú na Scéime Comhaontaithe22

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

1. Réamhrá

Foráiltear le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (“an tAcht”) go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim teanga ina sonrúfar na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- i nGaeilge,
- i mBéarla, agus
- i nGaeilge agus i mBéarla araon

agus na bearta a dhéanfar chun seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil.

De réir alt 14(3) den Acht, fanfaidh scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

2. Ullmhú agus ábhar na scéime

Ullmhaíodh scéim na Roinne i gcomhthéacs na [dTreoirlínte](#) a d’eisigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, ar Treoirlínte iad a ullmhaíodh faoi alt 12 den Acht.

De bhreis air sin, seoladh próiseas comhairliúcháin le geallsealbhóirí ábhartha. D’fhoilsigh an Roinn fógra ar láithreán gréasáin Ghaeilge i mí an Mheithimh 2019, rud inar iarradh aighneachtaí. De bhreis ar an bhfógra sin, a foilsíodh de réir alt 12 den Acht, d’fhoilsigh an Roinn fógra ar a láithreán gréasáin freisin. Chuir na haighneachtaí a fuarthas bonn eolais faoin scéim seo. Tugtar aird inti freisin ar na tuairimí agus na moltaí a chuir baill foirne na Roinne in iúl le linn Lónra Acht na dTeangacha Oifigiúla, ar lónra ainmnithe roinne é, a fhorbairt.

Cloíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna leis an bprionsabal gur cheart an soláthar seirbhísí Gaeilge a bheith bunaithe orthu seo:

- an leibhéal bunúsach éilimh ar sheirbhísí sonracha sa Ghaeilge,
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh i leith seirbhísí den sórt sin a sholáthar, de réir mar is gá, agus
- na hacmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais, agus an cumas atá ag an Roinn chun an inniúlacht riachtanach teanga a fhorbairt nó a rochtain.

Comhlánaítear leis an scéim seo na prionsabail um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus ár gCairt do Chustaiméirí. Ceapadh í chun a chinntiú gur ar bhonn céimnitheach tríd an scéim seo agus scéimeanna amach anseo a thabharfaí aghaidh iomlán ar na hoibleagáidí ábhartha uile atá ar an Roinn Oideachais agus Scileanna faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Forbraíodh an scéim seo laistigh de chomhthéacs beartais na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030. Tugtar aird inti ar an sainordú ar leith atá ag an Roinn maidir le tacú le húsáid na Gaeilge a leathnú agus a fhás sa chóras oideachais.

Aithníonn an Roinn a thábhachtaí atá sé roinnt ball foirne a bheith aici atá líofa i nGaeilge agus atá in ann seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge. Sa chomhthéacs sin, thug an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais le fios go bhfuil riachtanas aici le Síceolaithe Oideachais dátheangacha i láithreacha réigiúnacha áirithe agus gur chuir sí oiliúint ar a cuid síceolaithe ina leith sin.

Leanann an Chigireacht le cigirí a cheapadh ar leibhéal an ghráid earcaíochta d'fhonn an soláthar seirbhíse trí Ghaeilge a fheabhsú. Mar chuid dá clár Forbartha Gairmiúla Leanúnaí, leanann an Chigireacht le cur leis an gcumas atá ag a baill foirne seirbhíse cigireachta a sholáthar trí Ghaeilge. Soláthraítear tumchúrsaí ar bhonn bliantúil i limistéar Gaeltachta. Áirítear cúrsaí teanga atá lonnaithe go lárnach leis an gclár Forbartha Gairmiúla Leanúnaí freisin. Dírithe sna cúrsaí sin ar chruinneas agus líofacht a chothú i nGaeilge chun tacú le forbairt a dhéanamh ar an inniúlacht atá ag cigirí chun cigireachtaí a sheoladh trí Ghaeilge.

3. Scéimeanna daingnithe roimhe seo

Maidir leis na gealltanais a tugadh sna trí scéim roimhe seo ón Roinn go bhfeabhsófaí leibhéal na seirbhíse a sholáthraíonn sí trí Ghaeilge, d'éirigh linn iad a chomhlíonadh. Ba é a bhí i Scéim Teanga na Roinne don tréimhse 2016 - 2019 ná raon gealltanais a bhain le leibhéal inghlactha seirbhíse a sholáthar trí Ghaeilge. Ceanglaítear in Acht na dTeangacha Oifigiúla gur i nGaeilge agus i mBéarla araon a chuirfidh Ranna Rialtais in iúl doiciméid ina leagtar amach tograí beartais phoiblí, tuarascálacha bliantúla, ráitis straitéise agus nithe a meastar go bhfuil tábhacht mhór phoiblí ag baint leo. Is é sin an cleachtas reatha a leantar sa Roinn. Leantar le huimhir theileafóin thiomnaithe a oibriú le haghaidh ceisteanna i nGaeilge. Tá an uimhir sin ar an gcéad phointe teagmhála Gaeilge do Ghaeilgeoirí.

- Soláthraíonn Aonad Oiliúna agus Forbartha Foirne na Roinne oiliúint chuí i nGaeilge do gach ball foirne ionas gur féidir leo freastal ar riachtanais ghnó tosaíochta.
- Leantar le Seirbhís Aistriúcháin Ghaeilge na Roinne le hoibriú chun a chinntiú go mbíonn aistriúcháin ó Bhéarla go Gaeilge agus ó Ghaeilge go Béarla ar fáil ar bhealach tráthúil, de réir caighdeán sonraithe agus ag ráta comhaontaithe.
- Le linn na bliana 2018, ba trí Ghaeilge a thug an Chigireacht cuairteanna tacaíochta féinmheastóireachta scoile ar thuairim is ceithre chúigiú de scoileanna Gaeltachta nó Gaelscoileanna ar leibhéal na bunscoile agus ar bheagnach gach Gaelscoil Gaeltachta ar leibhéal na hiar-bhunscoile. Chuir an Chigireacht cigireachtaí i gcrích i mbeagnach aon trian de bhunscoileanna Gaeltachta nó lán-Ghaeilge agus i níos mó ná leath de na hiar-bhunscoileanna Gaeltachta nó lán-Ghaeilge.

Díríodh mar ábhar tosaíochta sna scéimeanna roimhe seo ar a chinntiú go soláthródh an Roinn seirbhís mhaith sa dá theanga oifigiúla don phobal i gcoitinne thar thréimhse na scéimeanna, agus aird á tabhairt ar na prionsabail um sheirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí agus i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil.

4. Dáta tosaithe na Scéime

Dhaingnigh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta an ceathrú scéim seo. Beidh éifeacht léi ón 1ú Feabhra 2020 agus fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe, cibé acu is déanaí.

Caibidil 2: Forbhreathnú ar an Roinn Oideachais agus Scileanna

1. Misean agus Cuspóirí

Is é is misean na Roinne Oideachais agus Scileanna a chumasú d'fhoghlaimoirí :

- a lánacmhainneacht a bhaint amach, agus
- rannchuidiú le forbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha na hÉireann.

D'fhonn an cuspóir seo a bhaint amach, tugann an Roinn faoi na spriocanna ardleibhéil seo:

- Sprioc 1: Cuirfimid cruth ar chóras oideachais agus oiliúna freagrach a shásaíonn riachtanais agus a ardaíonn ardaidhmeanna gach foghlaimora.
- Sprioc 2: Cuirfimid ar aghaidh dul chun cinn foghlaimoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus foghlaimoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu d'fhonn tacú leo a gcumas a bhaint amach.
- Sprioc 3: Tabharfaimid na scileanna agus an tacaíocht riachtanach do sholáthraithe oideachais agus oiliúna chun taithí foghlama d'ardchaighdeán a chur ar fáil.
- Sprioc 4: Treiseoidimid na caidrimh idir oideachas agus an pobal i gcoitinne, an sochaí agus an geilleagar
- Sprioc 5: Treoróimid seachadadh treo straitéiseach agus córas tacúil i gcomhpháirt le príomh-gheallsealbhóirí san oideachas agus oiliúint.

2. Custaiméirí na Roinne

Tá an Roinn tiomanta do sheirbhísí d'ardchaighdeán atá i gcomhréir leis na gealltanais seirbhíse ina Cairt do Chustaiméir agus ina Plean Gníomhaíochta Seirbhís Chustaiméir a sholáthar do gach custaiméir. Tá rochtain ar an dá dhoiciméad seo ag www.education.ie.

Cuimsíonn Cairt do Chustaiméir agus Plean Gníomhaíochta na Roinne na gealltanais seo a leanas maidir le soláthar seirbhísí Gaeilge.

- Tabharfaimid freagra i nGaeilge d'aon chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge.
- Tabharfaimid freagra i nGaeilge do ghlaiteoirí ar mian leo Gaeilge a labhairt, más féidir, nó déanfaimid tairiscint go nglaofaidh ball foirne ar féidir leo plé le ceisteanna i nGaeilge ar ais laistigh de **1 lá oibre**.
- Cinnteoidimid gur féidir leat do ghnó a dhéanamh i nGaeilge, más mian leat sin.
- Foilseoidimid foilseacháin chorparáideacha i nGaeilge agus i mBéarla.
- Cinnteoidimid go soláthrófar seirbhísí de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla agus ár Scéimeanna Gaeilge.
- Leanfar le feidhmiú an Líne Ghaeilge (01) 889 6780.
- Tabharfar faisnéis don fhoireann faoi riachtanais Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus faoina ndualgais faoi Scéim Ghaeilge na Roinne.

Is iad scoileanna sna hearnálacha bunscoile agus na hiar-bhunscoile na grúpaí custaiméirí is mó a éilíonn seirbhísí Ghaeilge ar an Roinn, agus go háirithe scoileanna ina ndéantar an teagasc a sholáthar trí Ghaeilge.

3. Eochairsheirbhísí

Tá príomhoifigí na Roinne lonnaithe i mBaile Áth Luain, i dTulach Mhór agus i mBaile Átha Cliath. Tá príomh-uimhreacha teileafóin agus mionsonraí eile teagmhála na Roinne ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne www.education.ie. Cuireann an Roinn réimse seirbhísí ar fáil do scoileanna, do mhúinteoirí, d'fhoghlaimoírí agus don phobal i gcoitinne. Tá mionsonraí faoi ghníomhaíochtaí gach limistéir feidhme agus gach aonad den Roinn ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie agus i Scéim Fhoilsithe na Roinne arna dhéanamh de bhun fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinn ag an nasc seo a leanas www.education.ie.

Tá mionsonraí maidir le seirbhísí do chustaiméirí ar fáil i bPlean Gníomhaíochta na Roinne maidir le Seirbhísí do Chustaiméirí. Tabharfaidh na gníomhaíochtaí atá beartaithe i bPlean Gníomhaíochta na Roinne maidir le Seirbhísí do Chustaiméirí agus ina Cairt do Chustaiméirí tacaíocht do chur i bhfeidhm feabhsaithe na seirbhíse teanga atá beartaithe sa Scéim seo.

Caibidil 3: Achoimre ar na seirbhísí Gaeilge agus na feabhsúcháin atá beartaithe sa tréimhse 2020-2023

Tá an Roinn tiomanta do na seirbhísí is fearr is féidir a sholáthar sa dá theanga oifigiúla dá custaiméirí. Leagtar amach sa chaibidil seo na bearta agus na gníomhartha a dhéanfaidh an Roinn thar an gcéad trí bliana eile chun cur leis an dul chun cinn a rinneadh ar a seirbhísí dátheangacha a fhorbairt thar thréimhse na dtrí scéim roimhe seo agus chun an dul chun cinn sin a chomhdhlúthú.

De réir na rialacha a rinneadh de bhonn forálacha Alt 9(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, leanfaidh an Roinn dá hoibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh.

1. Fógraí taifeadta béil

Beidh na Fógraí taifeadta béil seo a leanas i nGaeilge nó dátheangach:

- (a) Fógraí taifeadta béil ar an teileafón nuair atá oifigí an chomhlachta phoiblí dúnta;
- (b) Fógraí taifeadta béil arna cruthú agus arna tarchur trí chóras teachtaireachta ríomhairithe nó trí chóras freagartha teileafóin ríomhairithe.

Baineann an fhoráil seo le fógraí 'taifeadta', seachas 'fógraí beo'.

2. Staiseanóireacht

Cuirtear ceannscríbhinní, lena n-áirítear páipéar litreacha, duillíní dea-mhéine, bileoga chumhdaigh facs, clúdaigh comhad agus fillteán eile, lipéid agus clúdaigh litreach, ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach. Nuair a ghintear uathfhreagairt ar chuntas ríomhphoist roinnte, beidh an fhaisnéis sa bhuntásc i nGaeilge agus i mBéarla araon. Is go huathoibríoch i mBéarla agus i nGaeilge freisin a ghinfear séanadh ríomhphoist na Roinne.

3. Comharthaíocht

Is i nGaeilge nó dátheangach a bheidh an chomharthaíocht ar fad sa Roinn Oideachais agus Scileanna, de réir na rialachán (I.R. Uimh. 391/2008) a rinneadh de bhun fhorálacha alt 9(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

4. Cumarsáidí agus Foilseacháin

De réir forálacha alt 9(2) agus 9(3) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003,

- Nuair a dhéantar teagmháil leis an Roinn i scríbhinn nó le ríomhphost i gceann de na teangacha oifigiúla freagróimid sa teanga sin.
- Nuair a dhéanann an Roinn teagmháil leis an bpobal i gcoitinne i scríbhinn nó le ríomhphost nó le haicme den phobal i gcoitinne chun críche faisnéise a sholáthar don phobal nó don aicme, cinnteoidh an Roinn go mbeidh an teagmháil i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge.

De réir forálacha Alt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 foilsíonn an Roinn **ag an am céanna** i ngach ceann de na teangacha oifigiúla:

- (a) aon doiciméad a leagan amach tograí beartais phoiblí;
- (b) aon tuarascáil bliantúil;
- (c) aon chuntas iniúchta nó ráiteas airgeadais;
- (d) aon Ráiteas Straitéise is gá a ullmhú faoi Alt 5 den Acht um Bhainistíocht Seirbhís Phoiblí 1997.

I gcás ina bhforordaíonn an Rialtas - faoi fhorálacha Alt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 – aon doiciméad a mheastar go mbaineann tábhacht shuntasach don phobal leis, foilseoidh an tAire Oideachais agus Scileanna an doiciméad sin sa dá theanga oifigiúla ag an am céanna.

Cuireann an Roinn réimse fairsing seirbhísí ar fáil freisin, i nGaeilge agus i mBéarla araon, roinnt acu don phobal i gcoitinne – nó d'aicme den phobal i gcoitinne – agus do ghrúpaí eile chun tacú leis an gcóras oideachais go ginearálta.

5. Seirbhísí a chuireann an Roinn ar fáil

5.1 Cumarsáid i scríbhinn nó ó bhéal leis an bpobal agus le scoileanna

Cuirfear na míreanna cumarsáide seo a leanas de chuid na Roinne ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge araon:

- Ciorcláin do bhunscoileanna
- Gach ciorclán atá bainteach leis an gcuraclam do scoileanna
- Gach ciorclán seachtrach atá bainteach leis an bhfoireann do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna
- Bileoga agus bróisiúir faisnéise do bhunscoileanna
- Doiciméid neamhtheicniúla a scaiptear ar bhunscoileanna
- Foirmeacha iarratais a bhaineann le seirbhísí riaracháin bhunscoile
- Foirmeacha iarratais do sheirbhísí párolla bunscoile agus iar-bhunscoile
- Foirmeacha iarratais do bhaill foirne teagaisc agus neamhtheagaisc ar leibhéal na bunscoile
- Gach foilseachán corparáideach – e.g. Tuarascáil Bhliantúil, Ráiteas Straitéise
- Tuairiscí Cigireachta ar Ghaelscoileanna (bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna)
- Tuairiscí Cigireachta ar réamhscoileanna lán-Ghaeilge
- Preasráitis ina bhfógraítear scéimeanna nua nó athruithe beartais (féach leathanach 12 freisin)
- Tvuíteanna ina bhfógraítear scéimeanna nua nó athruithe beartais (féach leathanach 12 freisin)
- An fhaisnéis statach chuí nua ar fad a phostáiltear ar láithreán gréasáin na Roinne (féach leathanach 12 freisin)

De réir mar is cuí, is ar fáil i mBéarla **amháin** a bheidh sain-lámhleabhair threorach inmheánacha nó saindoiciméid treorach inmheánacha de chineál teicniúil a ullmhaítear do chomhlachtaí poiblí eile nó chun tacú le cóiríocht scoile a phleanáil agus a sholáthar.

Nuair is cuí leathnófar na gealltanais a rinneadh i dtaca le doiciméid bhunscoile a aistriú go dtí doiciméid iarbhunscoile den chineál céanna.

Cinntoidh an Roinn go dtugtar an tosaíocht chéanna do na leaganacha Gaeilge agus Béarla araon, i gcásanna ina gcuirtear foirmeacha iarratais agus bileoga eolais ar fáil go leithleach i mBéarla agus i nGaeilge, agus go mbeidh sé chomh héasca céanna an leagan Gaeilge a fháil agus atá sé an leagan Béarla a fháil.

5.2 Seirbhísí Párolla don Fhoireann Teagaisc agus don Fhoireann Neamhtheagaisc

Eiseoidh Rannóg Párolla na Roinne duillíní pá, agus comhfhreagras eile i nGaeilge d'íocaithe ar na párollaí seo a leanas arna iarraidh sin;

- 1: Párolla Múinteoirí Bunscoile,
- 2: Párolla Múinteoirí Iarbhunscoile,
- 3: Párolla na Foirne Neamhtheagaisc,
- 4: Párolla na bPinsinéirí.

Nuair a chuirtear ceapachán nua ar phárolla na bhfoirne reatha teagaisc agus neamhtheagaisc, tugtar an deis dóibh siúd atá nuacheaptha comhfhreagras i nGaeilge a iarraidh.

5.3 Comhfhreagras, logainmneacha agus oibleagáidí comhlíonta eile

Faoi fhorálacha na Cairte do Chustaiméirí agus an Phlean Gníomhaíochta ón Roinn, leanfaidh an Roinn le freagra i nGaeilge a thabhairt ar an gcomhfhreagras scríofa ar fad a fhaightear i nGaeilge. Ina theannta sin, tabharfaidh ball foirne sa Roinn atá in ann déileáil le ceisteanna i nGaeilge freagra ar ghlaonna teileafóin laistigh de lá oibre amháin.

Meabhrófar don fhoireann go gcaithfear logainmneacha oifigiúla Gaeltachta a úsáid faoi mar atá dearbhaithe ag an Aire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, agus comhfhreagras á eisiúint.

6. Na Meáin – Preasráitis

6.1 Preasráitis

Leanfaimid de leaganacha Gaeilge a eisiúint de phreasráitis ina bhfógraítear scéimeanna nua nó athruithe ar bheartas.¹

6.2 Na Meáin Shóisialta

Úsáidtear na meáin shóisialta mar uirlis chun trácht a tharchur chuig preasráitis ábhartha, chuig leathanaigh ar an láithreán gréasáin agus chuig nithe eile den sórt sin, i gcás go bhfuil faisnéis níos mine ar fáil sa dá theanga oifigiúla, nuair is cuí. Seolfar tvuíteanna ina bhfógraítear scéimeanna nua nó athruithe beartais amach go comhuaineach i mBéarla agus i nGaeilge.

¹ Tabhair faoi deara gurb amhlaidh, de bharr na spriocdhátaí a bhíonn i gceist, nach féidir a ráthú go bhfoilseofar preasráitis Ghaeilge go comhuaineach lena leagan Béarla.

7. Teicneolaíocht na Faisnéise

7.1 Láithreán Gréasáin

Cinntoidh an Roinn go mbeidh gach leathanach iomchuí ar phríomhchuid an láithreáin gréasáin www.education.ie sa dá theanga; ní gá go n-aireofaí air sin doiciméid nó láithreáin gréasáin atá nasctha leis na leathanaigh sin². (I gcásanna áirithe níl sé cuí leathanach Gaeilge a sholáthar, mar shampla i gcás óráidí, preasráitis, nó scéimeanna atá dírithe ar ghrúpaí custaiméirí ar leith, an Scéim do Chúntóirí Béarla, an Scéim do Chúntóir i dTeanga lasachta, eolas treorach teicniúil le haghaidh gairmithe tógála). I gcásanna ina gcuirtear bileoga eolais, bróisiúir, foilseacháin chorparáideacha, foirmeacha iarratais agus ciorcláin ar fáil i nGaeilge ag an am céanna, cuirfear ar fáil iad ar láithreán gréasáin na Roinne. I gcásanna nuair nach bhfuil an dá leagan ar fáil ag an am céanna, foilseofar an dá leagan a luaithe a bheidh siad ar fáil.

Cuirfear aon inneachar statach ar fáil ar aon láithreán gréasáin phoiblí nua a d'fhéadfaí a thabhairt isteach le linn thréimhse na scéime go dátheangach.

Is éard is ciall le 'hinneachar statach', de réir na Roinne, na heilimintí seo a leanas den láithreán gréasáin:

- Eilimintí creata an leathanaigh baile
- Eilimintí creata na leathanach lamairne
- Teidil ar chriosanna
- Brandáil an Láithreáin Ghréasáin

Beidh feidhm ag an ngealltanas maidir le láithreáin ghréasáin agus inneachar atá faoi bhainistíocht dhíreach na Roinne – ní ghealltar amhlaidh i gcás láithreán atá faoi bhainistíocht ag gníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne nó i gcás láithreáin a mhaoiníonn an Roinn go hiomlán nó go páirteach.

7.2 Teicneolaíocht Faisnéise – Córais T.F.

Thar thréimhse an tríú scéim, forbraíodh roinnt córas TF a bhfuil lánfheidhmiúlacht dhátheangach acu agus feabhsaíodh arís eile seirbhísí a bhí ann cheana. Áirítear leo sin:

- IMIS (Córas Faisnéise faoi Bhainistiú na Cigireachta)
- Achomhairc i leith Deontas Mac Léinn
- Achomhairc i leith Iompar Daltaí
- An Córas Éileamh ar Líne

Tá an Roinn tiomanta dá chinntiú go mbeidh feidhmiúlacht/inniúlacht dhátheangach ag gach córas idirghníomhach nua TF, a mhéid go bhféadfaidh scoileanna ceachtar teanga oifigiúil a úsáid agus tuairisceáin á ndéanamh acu chuig an Roinn. Tá sé de rogha ag scoileanna cheana féin ESINET – córas ionchuir shonraí ar líne na Roinne – a rochtain i mBéarla nó i

²I gcásanna áirithe níl sé cuí leathanach Gaeilge a sholáthar, mar shampla i gcás óráidí, preasráiteas, nó scéimeanna atá dírithe ar ghrúpaí custaiméirí ar leith, an Scéim do Chúntóirí Béarla, an Scéim do Chúntóir i dTeanga lasachta, eolas treorach teicniúil le haghaidh gairmithe tógála.

nGaeilge agus sonraí, lena n-áirítear tuairisceáin a bhaineann le himlonnú acmhainní teagaisc, á gcur isteach acu chuig an Roinn.

Maidir le haon chórais idirghníomhacha nua a thabharfar isteach le linn théarma na scéime, tabharfar iad isteach go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla araon.

De réir an ghealltanais a tugadh sna scéimeanna roimhe seo, leanfaidh an Roinn freisin lena chinntiú gurb amhlaidh, mar a bhainfidh ríomhchórais aonair atá ann cheana deireadh a saolré amach, go gcuirfear córais atá in ann an Ghaeilge a láimhseáil ina n-áit. Ar feadh thréimhse feidhme na scéime seo, cinnteofar, maidir le haon ainmneacha agus seoltaí de chuid daoine den phobal a soláthraíodh i nGaeilge, go n-ionchuirfear iad isteach in aon bhogearraí nua agus in aon ríomhchóras nua a fhorbróidh an Roinn nó a fhorbrófar thar a ceann.

7.3 Cumarsáid leis an bpobal ar an teileafón

I gcomhréir leis na gealltanais a tugadh sna scéimeanna roimhe seo, leanann an Roinn le huimhir theileafóin thiomnaithe a oibriú do cheisteanna i nGaeilge, is é sin, (01) 8896780. Tá an tseirbhís sin le bheith ar an gcéad phointe teagmhála Gaeilge do Ghaeilgeoirí. Leanfar leis an tseirbhís sin a sholáthar.

Leanann an Roinn le seirbhís freastalaí uathoibríthe a oibriú d'uimhreacha príomhoifige na Roinne i mBaile Átha Luain, i mBaile Átha Cliath agus i dTulach Mhór. Cumasaítear leis an gcóras sin do ghlaointeoirí roghanna beannaithe a rochtain i nGaeilge. Toisc go mbíonn fáilteoirí/oibreoirí lasc-chláir ar an gcéad phointe teagmhála daonna leis an bpobal go minic, leanfaidh an Roinn lena chinntiú go ndéanfaidh gach fáilteoir/ball foirne lasc-chláir na nithe seo a leanas:

- Ainm na Roinne a thabhairt i nGaeilge agus i mBéarla, agus
- Go mbeidh ar a laghad na beannachtaí bunúsacha i nGaeilge ar a dtail acu,

Tá socruithe i bhfeidhm chun a chinntiú gur féidir le hoibreoírí lasc-chláir agus le baill foirne eile sa Roinn custaiméirí a bhfuil ceisteanna i nGaeilge acu a tharchur chuig baill foirne atá i bhfeighil na líne teileafóin Gaeilge tiomnaithe. Tá seirbhís teileafóin duine le duine ar fáil trí Ghaeilge ón Rannóg Oideachais Múinteoirí, agus leanfaidh an tseirbhís sin le bheith ar fáil, faoi réir teacht a bheith ann ar phearsanra ábhartha.

8. Seirbhísí Cigireachta

8.1 Cigireacht, Meastóireacht agus Dearbhú Cáilíochta

Cuireann Cigireacht na Roinne obair meastóireachta agus chomhairleach i gcrích i raon suíomhanna oideachais. Áirítear leo sin bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna aitheanta, ionaid oideachais ina dtairgtear an clár Ógtheagmhála, coláistí talmhaíochta agus, ó dheireadh na bliana 2015 amach, suíomhanna luathbhlianta atá páirteach sa chlár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige.

Oibríonn an Chigireacht chun feabhas a chur ar cháilíocht na foghlama agus an teagaisc a fhaigheann leanaí agus daoine óga i suíomhanna luathbhlianta, i scoileanna, in ionaid oideachais agus i suíomhanna eile. Oibríonn sí freisin chun tacú le córas oideachais na hÉireann a fhorbairt. Déanann an Chigireacht an méid sin trí mheastóireacht, anailís, tacaíocht agus comhairle ar ardchaighdeán a chur ar fáil i dtaca leis an soláthar oideachais, go príomha ar leibhéal na luathbhlianta, ar leibhéal na bunscoile agus ar leibhéal na hiar-bhunscoile. Tá ról tábhachtach ag an gCigireacht freisin maidir le rannchuidiú agus tacú le forbairt beartais.

8.2 Seirbhísí Cigireachta trí Ghaeilge

Soláthraíonn an Chigireacht seirbhís dhátheangach meastóireachta agus chomhairleach do shuíomhanna luathbhlianta atá páirteach sa chlár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige, do gach scoil aitheanta ar leibhéal na bunscoile, do gach bunscoil agus iar-bhunscoil sa Ghaeltacht agus do gach Gaelscoil. Cé go mbítear ag súil leis gurb í an Ghaeilge a bheidh sa teanga cumarsáide i scoileanna atá páirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus i ngach Gaelscoil, is í an Ghaeilge an teanga cumarsáide a úsáidfí an Chigireacht sna suíomhanna sin. Ar leibhéal na hiar-bhunscoile, soláthraíonn an Chigireacht seirbhís maidir le cigireacht a dhéanamh ar an nGaeilge. I gcás go mbeidh cumas ann, soláthróidh cigirí seirbhís trí Ghaeilge i ngach réimse ábhair d'iar-bhunscoileanna atá páirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus do gach Gaelscoil. Úsáidtear Béarla le linn cigireacht a dhéanamh ar Bhéarla mar ábhar.

8.3 Seirbhís Dhátheangach Cigireachta do Scoileanna

Chun leanúint leis an soláthar seirbhíse dátheangaí cigireachta a fheabhsú, agus de réir mar is féidir laistigh de na hacmhainní atá ar fáil, déanfaidh an Roinn, tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, cigirí a cheapadh ar leibhéal an ghráid earcaíochta. Is cigirí iad sin a fheabhsóidh an soláthar seirbhíse trí Ghaeilge arís eile. Leanfaidh an Roinn le hinniúlacht i nGaeilge a áireamh i measc na gcritéar a úsáidtear sna próisis roghnúcháin agus cheapacháin chuig an gCigireacht ar leibhéal an ghráid earcaíochta d'fhonn na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Cur leis an gcumas atá ag an gCigireacht seirbhís cigireachta a sholáthar trí Ghaeilge
- A cheangal go mbeadh leibhéal níos airde inniúlachta ann i nGaeilge le haghaidh imlonnú i limistéir Ghaeltachta agus úsáid na Gaeilge a chur chun cinn in aon teagmháil le Gaelscoileanna
- A chinntiú go mbeidh ardleibhéal eolais ar an ábhar ar an bpríomhthoisic go fóill agus cigirí á roghnú ar leibhéal na hiar-bhunscoile agus, ag an am céanna, buntáiste iomaíoch a thabhairt d'iarrthóirí ar féidir leo feidhmiú go hinniúil sa dá theanga oifigiúla.

Leanfaidh an Chigireacht le tacú leis an Roinn seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge do shuíomhanna luathbhlianta, do Ghaelscoileanna agus do scoileanna Gaeltachta. Leanfaidh sí le sainnithint a dhéanamh ar theagmhálaithe i measc cigirí iar-bhunscoile le haghaidh seirbhísí Gaeilge a sholáthar do Ghaelscoileanna agus do scoileanna Gaeltachta. Ina theannta sin, leanfaidh an Chigireacht le forbairt a dhéanamh ar an gcumas atá ag a baill

foirne meastóireacht a dhéanamh ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht agus ar Ghaelscoileanna. Déanfaidh sí amhlaidh trína chinntiú go gcuirfear deiseanna cuí forbartha gairmiúla ar fáil ar bhonn rialta.

8.4 Foilseacháin na Cigireachta

Is i mBéarla a fhoilseofar tuairiscí a eascróidh as cigireachtaí i scoileanna Béarla. Is i nGaeilge agus i mBéarla araon go fóill a fhoilseofar tuairiscí ina bpléitear le teagasc na Gaeilge nó codanna de na tuairiscí sin. Leanfar le tuairiscí a eascróidh as cigireachtaí i nGaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta a fhoilsiú i nGaeilge agus foilseofar aistriúcháin ar na tuairiscí sin chun a chinntiú go mbeidh siad chomh hinrochtana agus is féidir. I gcás gach meastóireachta ón 1 Meán Fómhair 2010 amach, is i mBéarla agus i nGaeilge araon a foilsíodh tuairiscí ina dtagraítear don chigireacht ar Bhéarla sna scoileanna sin nó codanna de na tuairiscí sin, agus leanfar le déanamh amhlaidh. Leanfaidh an Chigireacht le feabhas a chur ar an tseirbhís dhátteangach cigireachta atá ar bun aici cheana agus ar an gcumas atá aici seirbhís cigireachta a sholáthar trí Ghaeilge i nGaelscoileanna, i scoileanna Gaeltachta agus i suíomhanna luathbhlianta. Is i nGaeilge a fhoilsítear tuairiscí cigireachta ar réamhscoileanna lán-Ghaeilge agus cuirtear aistriúchán Béarla orthu i gceangal leo lena n-úsáid ag tuismitheoirí agus ag daoine eile.

8.5 An Chigireacht agus feabhas eile ar an soláthar seirbhísí Gaeilge

Mar chuid dá clár Forbartha Gairmiúla Leanúnaí, leanann an Chigireacht le cur leis an gcumas atá ag a baill foirne seirbhísí cigireachta a sholáthar i nGaeilge. Le blianta beaga anuas, caitheadh idir 10 agus 20 faoin gcéad de bhuiséad Forbartha Gairmiúla Leanúnaí na Cigireachta ar chigirí a uasoiliúint i nGaeilge. D'fhreastail líon mór cigirí ar chúrsaí Gaeilge a bhfuil mar aidhm leo tacú le forbairt na hinniúlachta atá acu cumarsáid a dhéanamh i nGaeilge agus cigireachtaí a sheoladh trí Ghaeilge. Leanfar le déanamh amhlaidh ar feadh thréimhse feidhme na scéime seo agus ina diaidh. Is ar feadh tréimhsí éagsúla a mhaireann na cúrsaí Gaeilge a thairgtear do chigirí. Is cúrsaí lae iad roinnt díobh agus áirítear leo dianchúrsaí gramadaí. Is tumchúrsaí iad cúrsaí eile, a sholáthraítear thar thréimhse trí lá sa Ghaeltacht.

8.5.1 Cúrsa Cruinnis/Cúrsa Gaeilge

Sa bhliain 2016, cinneadh go mbeadh ar gach cigire bun scoile an Cúrsa Cruinnis a dhéanamh chun líofacht agus cruinneas na gcigirí i nGaeilge a fheabhsú. Ón mbliain 2017 amach, soláthraítear clár foghlama cumaisc i nGaeilge do gach cigire bun scoile agus do na cigirí iar-bhunscoile agus luathbhlianta uile ar spéis leo. Díríodh ar Ghaeilge labhartha sa chlár foghlama cumaisc sna blianta 2017 agus 2018. D'fhreastail cigirí ar thrí sheisiún lae iomláin chun feabhas a chur ar an gcruinneas labhartha le linn na tréimhse sin. Sa bhliain 2019, cuireadh clár foghlama cumaisc i bhfeidhm inar díríodh ar thuairiscí cigireachta a scríobh trí mheán na Gaeilge. Chomh maith leis sin, tá rochtain ag cigirí ar sheimineár Forbartha Gairmiúla Leanúnaí ar Churaclam Teanga na Bunscoile. Is trí mheán na Gaeilge a sholáthraítear an seimineár.

8.5.2 Tumchúrsaí Gaeltachta

Ón mbliain 2016 amach, soláthraítear an tumchúrsa Gaeltachta do chigirí nua-earcailte sna trí earnáil uile, mar atá an earnáil luathbhlianta, an earnáil bun scoile agus an earnáil iar-bhunscoile, a ghabh orthu féin obair meastóireachta a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

Tugtar cuireadh do chomhghleacaithe ón gCigireacht Oideachais agus Oiliúna i dTuaisceart Éireann ar spéis leo freastal ar an tumchúrsa freisin.

8.5.3 Oiliúint do mheastóirí Coláistí Gaeilge

Déanann cigirí bunscoile agus iar-bhunscoile meastóireacht ar an soláthar i gColáistí Gaeilge ar bhonn bliantúil thar ceann na Roinne Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta. Is iad seo a leanas cuspóirí na meastóireachtaí sin:

- faireachán a dhéanamh ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama sna cúrsaí Gaeilge
- faireachán a dhéanamh ar cháilíocht na n-eispéireas Gaeilge agus cultúrtha do dhaltaí
- tuairim a thabhairt ar an dóigh a ndéantar cúrsaí Gaeilge a bhainistiú, a eagrú agus a oibriú agus ar an dul chun cinn arna dhéanamh ag na coláistí Gaeilge ar mholtaí na gcigireachtaí roimhe a chur chun feidhme
- comhairle a thabhairt do phríomhoidí, do mhúinteoirí agus do choistí stiúrtha maidir le cáilíocht an oideachais a thugtar i gcúrsaí aonair arna soláthar ag coláistí Gaeilge.

Soláthraítear imeacht oiliúna gach bliain do na cigirí uile a dhéanann meastóireacht ar Choláistí Gaeilge.

8.5.4 An Scéim Tacaíochta Teanga

Sa bhliain 2016, bunaíodh an Scéim Tacaíochta Teanga chun tacú le cigirí nua-earcaithe inniúlacht i nGaeilge a fhorbairt agus chun láithreach na Cigireachta i nGaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta a mhéadú.

Mar chuid den Scéim, tacaítear le cigirí nua-earcaithe sa chéad bhliain feabhas a chur ar a n-inniúlacht theangeolaíoch i nGaeilge ar roinnt bealaí difriúla:

- Bítear ag súil leis go nglacfaidh gach cigire bunscoile nua agus gach cigire iar-bhunscoile ar Ghaeilge páirt sna cúrsaí Gaeilge a sholáthraítear sa Ghaeltacht nó sa Roinn faoi láthair. Tugtar cuireadh do chigirí rannpháirteacha luathbhlianta agus iar-bhunscoile (i.e. na cigirí sin a chuir in iúl gur spéis leo obair trí Ghaeilge) páirt a ghlacadh sna cúrsaí sin.
- Ag brath ar acmhainní, féadfaidh cigirí rochtain a fháil i roinnt cásanna ar chúrsaí breise a mbeidh siad in ann cistiú de shuim éigin a fháil ina leith.
- Sanntar meantóir Gaeilge do na cigirí a ghlacann páirt sa scéim. Is trí Ghaeilge a dhéanfar an chumarsáid ionchais ar fad idir an meantóir agus an cigire atá ag fáil na meantóireachta.
- Caithfidh cigirí seachtain amháin ar a laghad ag leanúint cigire atá ag déanamh meastóireachtaí sa Ghaeilge. Ar an mbealach sin, beidh an cigire in ann seachtain a chaitheamh faoi thumadh na teanga agus beidh sé/sí in ann breathnú ar scoileanna agus teagmháil a dhéanamh leo trí Ghaeilge. Is féidir go mbeidh fonn ar an gcigire roinnt taithí a ghnóthú ar thuairiscí a scríobh i nGaeilge ach rannán amháin nó níos mó de thuairisc a scríobh i nGaeilge. Beifear ag súil leis go scríobhfaidh gach cigire bunscoile nua roinnt rannán de thuairisc i nGaeilge.

9. An tAonad um Oideachas Gaeltachta

9.1 Seirbhísí an Aonaid um Oideachas Gaeltachta trí Ghaeilge

Go luath sa bhliain 2017, bunaíodh an tAonad um Oideachas Gaeltachta sa Roinn Oideachais agus Scileanna chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an

Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 agus chun tacú leis an gcur chun feidhme sin. Tá an t-aonad comhdhéanta de bhaill foirne riaracháin agus de chigirí ar féidir leo seirbhís dhátheangach a sholáthar do scoileanna atá ag lorg aitheantais mar scoileanna Gaeltachta agus dá bpobail. Mar chuid den tseirbhís a sholáthraítear, soláthraítear treoracha, acmhainní spriocdhírthe agus cuairteanna comhairleacha na cigireachta ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna atá páirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Tá ról tábhachtach ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) freisin i dtacú le cur chun feidhme an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus tacaíonn sí leis an Aonad um Oideachas Gaeltachta maidir le seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge.

9.2 Foilseacháin an Aonaid um Oideachas Gaeltachta

Is i nGaeilge nó go dátheangach, de réir mar is cuí, a fhoilsítear foilseacháin an Aonaid um Oideachas Gaeltachta.

10. An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)

10.1 Pearsanra NEPS

Faoi láthair, tá ag NEPS 27 síceolaí oideachais atá inniúil i nGaeilge agus a sholáthraíonn seirbhísí gairmiúla i nGaeilge. Bheadh scoileanna i limistéir Ghaeltachta agus scoileanna Gaeltachta in áiteanna eile ar áireamh sna seirbhísí tacaíochta a sholáthraítear do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus d'fhoghlaimoirí.

10.2 Foilseacháin NEPS – Treoirínte, Pacáistí Acmhainne do Scoileanna, Múinteoirí agus Tuismitheoirí

Cuirtear Treoirínte do Mhúinteoirí agus Pacáistí Acmhainne do Mhúinteoirí ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla, ag leibhéal Bunscoile agus Iarbhunscoile, maidir le riachtanais oideachais speisialta, agus deacrachtaí iompair, mothúchánacha agus sóisialta.

Ina theannta sin, tá Treoirínte ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla chun cabhrú le Teagmhais Chriticiúla (e.g. bás de bharr breoiteachta, timpiste bhóthair nó féinmharú mic léinn, uaireanta). Tá litreacha samplacha agus seicliostaí i mBéarla agus i nGaeilge san áireamh sna Treoirínte agus sna hÁbhair Acmhainne do Scoileanna a ghabhann leo.

Is ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge araon atá Treoirínte maidir le Folláine in Iarbhunscoileanna (le haghaidh meabhairshláinte a chur chun cinn agus féinmharú a chosc). Ullmhaíodh na Treoirínte sin i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).

Cuireann NEPS bileog eolais ar fáil do thuismitheoirí freisin, i nGaeilge agus i mBéarla.

Níl trialacha diagnóiseacha agus trialacha cumais chognaíoch ar fáil i nGaeilge i láthair na huaire. Is féidir go roghnóidh síceolaí de chuid NEPS úsáid a bhaint as trialacha cognaíochta ar chumas neamhbhriathartha i gcás leanaí nach bhfuil Béarla mar mháthairtheanga dóibh.

Cuirfear ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla, de réir mar is cuí, foirmeacha iarratais a bhaineann le hiarrataí áirithe acmhainní (i.e. bíodh siad tosaithe ag tuismitheoir nó ag scoil). Ón mbliain 2017 amach, rinne NEPS, i gcomhar le COGG, oiliúint a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do gach bunscoil Gaeltachta agus Gaelscoil san acmhainn litearthachta Gaeilge ar fhorbairt NEPS í le déanaí, is é sin: **Cur Chuige Cothromaithe i Leith na Litearthachta i mBunranganna na Bunscoile**. Tá níos mó i gceist leis an acmhainn ná aistriúchán ar acmhainn Béarla a bhí ann roimhe sin. Is acmhainn í atá curtha in oiriúint go hiomlán do litearthacht a theagasc sa Ghaeilge agus cuirtear díriú ar na leanaí sin a fhaigheann a n-oideachas trí mheán na Gaeilge. Is féidir le múinteoirí ranga úsáid a bhaint as an acmhainn agus is féidir go mbeidh sí ina cabhair do scoileanna ar mhaith leo caighdeán léitheoireachta a fheabhsú ar bhealach córasach.

10.3 Soláthar na Seirbhíse NEPS ag an leibhéal idir-rannach agus idirghníomhaireachta

Déanann NEPS teagmháil le comhlachtaí poiblí éagsúla eile freisin, amhail an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), Coimisiún na Scrúduithe Stáit (SEC) agus an tIonad Taighde Oideachais (ERC). Pléann siad nithe amhail oiliúint foirne NEPS; saincheisteanna inní ar NEPS sa churaclam d'oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte agus forbairtí gaolmhara curaclaim; measúnacht ar ghnóthachtáil uimhearthachta agus litearthachta; teagmhais chriticiúla le linn scrúduithe, agus nithe gaolmhara. Nuair is cuí nó nuair is gá, déanann NEPS socruithe chun go mbeidh ball d'fhoireann ghairmiúil na seirbhíse in ann páirt a ghlacadh sa soláthar seirbhísí tacaíochta sa dá theanga oifigiúla.

Caibidil 4: Feabhas a Chur ar Chumas Gaeilge na Roinne

1. Earcaíocht

Baill foirne a bhfuil an leibhéal cuí inniúlachta sa Ghaeilge acu a earcú i ngach réimse oibre sa Roinn an príomhbhealach chun an fháil ar sheirbhísí i nGaeilge a uasmhéadú. Féachfaidh ár mbeartas earcaíochta, atá faoi réir ag an gcreat náisiúnta comhaontaithe de nósanna imeachta, leis an ngá le feabhas a chur ar an gcumas Gaeilge ar bhonn céimnitheach.

Cuirtear pacáiste ionduchtúcháin, ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe, ar fáil do gach ball foirne chun a chinntiú go mbeidh siad ar an eolas faoinár ngealltanais faoin reachtaíocht.

2. Oiliúint agus Forbairt

Cuireann Aonad Oiliúna agus Forbartha Foirne (STDU) na Roinne deiseanna oiliúna agus forbartha ar fáil, lena n-áirítear oiliúint i nGaeilge, don fhoireann go léir, le súil agus riachtanais ghnó a chomhlíonadh. Éascaíonn STDU do bhaill foirne a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fhorbairt, agus i gcásanna ina bhfuil sí mar chuid dá bhfeidhmeanna oifigiúla, cuirtear rochtain ar oiliúint sa Ghaeilge ar fáil trí chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí. Cuirtear an fhoireann go léir ar an eolas faoi áiseanna/deiseanna chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú.

3. Inniúlacht i nGaeilge

Agus aird á tabhairt aici ar an mbeartas Rialtais le haghaidh feabhas a chur ar an soláthar seirbhísí i nGaeilge sa bhliain 2016, shainaithin an Roinn na rannóga líne ina raibh sé riachtanach seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. D'fhostaigh an Roinn baill foirne atá inniúil i nGaeilge chun acmhainn a sholáthar do na rannóga sin. Ghnóthaigh sealbhóirí na bpost lena mbaineann caighdeáin chreidiúnaithe sa Ghaeilge, rud a chuireann ar a gcumas a ndualgais oifigiúla a chomhlíonadh trí Ghaeilge nuair is gá.

Ar leibhéal na bunscoile, earcaítear cigirí ag a bhfuil saineolas ar Ghaeilge agus inniúlacht inti agus leanfar leis an mbeartas sin. Ar leibhéal na hiar-bhunscoile, is speisialtóirí ábhair iad na cigirí. Oibríonn na speisialtóirí sin i scoileanna Béarla agus i nGaelscoileanna. I láthair na huaire, níl go leor cigirí iar-bhunscoile ann a bhfuil an inniúlacht acu na seirbhísí cigireachta uile a sholáthar in iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge. Tá iarrachtaí á ndéanamh na bearnaí sin a dhúnadh trí earcaíocht agus trí uasoiliúint inmheánach.

I gcás gurb amhlaidh sa todhchaí nach bhfuil go leor ball foirne gairmiúil ann chun seirbhísí a sholáthar do scoileanna i limistéir Ghaeltachta nó do Ghaelscoileanna, tabharfar faoi fheachtas earcaíochta chun baill foirne ghairmiúla a bhfuil inniúlacht i nGaeilge acu a fhostú tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Beidh feidhm aige sin i gcás go mbeidh inniúlacht in easnamh i measc na mball foirne ar leibhéal riaracháin.

Chuir an Roinn ceistneoir le chéile. Iarrtar ar bhaill foirne nua é a chomhlánú i dtaca lena n-inniúlacht i nGaeilge.

4. Seirbhís Aistriúcháin Ghaeilge

Ag féachaint do rialacha maidir le beartais um sholáthar an Rialtais agus an AE, chuir an Roinn Creat-Chomhaontú i bhfeidhm i dtaca le soláthar seirbhísí aistriúcháin. Cuimsíonn an córas 15 Ball Chreata a dtairgtear obair aistriúcháin dóibh trí chóras rothlaithe uathoibríoch.

Soláthraíonn an tseirbhís seirbhísí aistriúcháin Gaeilge go Béarla agus Béarla go Gaeilge. Cinntíonn sí comhsheasmhacht i gcur chuige seirbhísí aistriúcháin a aimsiú. Ní mór don fhoireann faisnéis íogair phearsanta in ábhar atá á aistriú acu a chur in eagar; Ceanglaítear ar Bhaill Chreata dianchaighdeáin rúndachta a choimhéad. Ceanglaítear ar Bhaill Chreata freisin caighdeáin rialaithe cáilíochta a choimhéad, maidir le profáil, agus téarmaíocht chomhsheasmhach chuí a úsáid, go háirithe i gcás doiciméid ina n-úsáidtear na téarmaí teicniúla céanna go forleathan m.sh. ciorcláin, tuairiscí cigireachta scoile, tuairiscí síceolaíochta. Caithfear an Caighdeán Oifigiúil a úsáid in aistriúcháin, mura sonraítear a mhalairt. In amanna d'fhéadfadh gá a bheith le téarmaíocht shimplithe, nó teanga choiteann, ag brath ar an spriocphobal. Chuir an tseirbhís aistriúcháin go mór le cumas na foirne tabhairt faoi obair leis an fhoirmiúlacht chuí, ag brath ar cé acu atá an comhfhreagras le tuismitheoirí, foghlaimoírí nó gairmithe oideachais.

Leanfaidh an Roinn de chinntiú go mbíonn socruithe i bhfeidhm ionas gur féidir leis an bhfoireann seirbhís aistriúcháin go Gaeilge a fháil nuair is gá. Cuirfear treoir agus comhairle chun dáta ar an bhfoireann i rith an ama faoi na nósanna agus na cleachtais atá le cur i bhfeidhm agus na seirbhísí seo á bhfostú, de réir mar is gá.

Caibidil 5: Faireachán agus Athbhreithniú

Tá sé mar fhreagracht ar an lucht bainistíochta laistigh de rannóga líne maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngealltanais a bhaineann lena rannóg féin. Déanfaidh an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha faireachán agus measúnú leanúnach ar chur chun feidhme na scéime.

Cuirtear an Bord Bainistíochta ar an eolas faoi aon nithe éiritheacha a bhaineann leis an scéim teanga. Déantar amhlaidh trí thuairisc sheachtainiúil. Tagann Líonra Acht na dTeangacha Oifigiúla le chéile ar bhonn ráithiúil chun a chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh na ngealltanais a tugadh laistigh den scéim. Tríd an líonra sin, tacaítear le rannóga líne agus is féidir aon dúshlán a thagann aníos a phlé agus a chur in iúl do Bhord Bainistíochta na Roinne de réir mar is gá. Tá sé ar intinn ag an Roinn an modh faireacháin sin a choinneáil i bhfeidhm ar feadh thréimhse feidhme na scéime nua.

Déanfar faireachán ar an éileamh ar sheirbhísí teileafóin Gaeilge trí anailís a dhéanamh ar shonraí teileafóin i dtaca le líne thiomnaithe Ghaeilge na Roinne ag 01 889 6980.

Breithneoidh an Roinn aon bheart breise is gá chun an tseirbhís a fheabhsú, i bhfianaise an éilimh ar an tseirbhís, na n-acmhainní atá ar fáil agus torthaí na dtuarascálacha ar dhul chun cinn.

Beifear ag súil go gcuirfidh gach Rannóg den Roinn aon fhreagracht a d'fhéadfadh a bheith uirthi faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus faoi Scéim Ghaeilge na Roinne san áireamh ina phlean gnó bliantúil.

Ina theannta sin, cuirfear baill foirne ar an eolas i rith an ama faoina bhfreagrachtaí maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tá mionteoracha ar fáil dóibh siúd a mbeadh orthu bearta áirithe a chur i bhfeidhm i dtaca leis an nGaeilge.

Cuirfear baill foirne ar an eolas faoina bhfreagrachtaí faoin scéim ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear tríothu seo a leanas:

- Fógraí oifige
- Cairt Cháilíochta do Chustaiméirí agus Plean Ghníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí na Roinne
- Cuirfear ar áireamh in oiliúint inductúcháin agus in oiliúint maidir le seirbhís do chustaiméirí gealltanais na Roinne maidir leis an nGaeilge.

Caibidil 6: Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Déanfar poibliú inmheánach agus seachtrach ar an scéim seo trí phreasráiteas i dtosach báire. Cuirfear leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár láithreán gréasáin agus scaipfear an scéim ar gach ball foirne agus ar na gníomhaireachtaí cuí uile.

Ina theannta sin, tapóidh an Roinn gach deis inár n-idirghníomhú laethúil le custaiméirí chun na seirbhísí a chuirimid ar fáil i nGaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú ar na bealaí seo a leanas:

- custaiméirí a chur ar an eolas go díreach, ar bhealach réamhghníomhach, maidir leis an rogha atá acu gnó a dhéanamh linn i nGaeilge, mar shampla, trína lua ar an láithreán gréasáin go bhfuil seirbhísí Gaeilge ar fáil;
- na seirbhísí sin a liostú in áit fheiceálach ar ár láithreán gréasáin, lena n-áirítear táb 'Gaeilge' a chur ar áireamh i gceanntásc gach leathanaigh Bhéarla ar ár láithreán gréasáin;
- a chur in iúl ar threoirínte, bileoga faisnéise agus foirmeacha iarratais ar leith go bhfuil na doiciméid sin ar fáil i nGaeilge freisin, mura bhfuil siad ar fáil go dátheangach;
- suntasacht chomhionann a thabhairt d'ábhair Ghaeilge agus Bhéarla nuair is féidir.

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.